Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus ar chaiteachais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.841 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú ach amháin i gcás na n-eisceachtaí atá liostaithe anseo.

***Luacháil agus dímheas sócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear i gCiorclán 21 de 2020, tá tairseach caipitlithe €500 curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir le sócmhainní TF agus tá tairseach caipitlithe €1,000 curtha i bhfeidhm acu maidir le gach sócmhainn eile.

Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar bhonn bliana iomláine.

Cuirtear feithiclí urghafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain de réir méid cothrom.

Dímheastar cuitéar custam ag ráta 5% sa bhliain de réir méid cothrom.

### Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go mbraithfí iad in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

***Timpeallacht rialaithe***

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go ndéantar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d’Oifig na Coimisinéirí Ioncaim. Folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca
- córas comhtháite pleanála straitéisí/gnó agus bainistíochta riosca a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus brainse
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadal do na tionscadail shuntasacha uile.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt fhoirmiúil iniúchóireachta inmheánaí i scríbhinn. Bonn eolais faoina cuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte seachas i gcás naoi gconradh (sa bhreis ar €25,000), arbh ionann iad agus €3,105,844 san iomlán, mar atá leagtha amach thíos:

- Dámhadh trí chonradh le haghaidh seirbhísí fála marsantacha, seirbhís bainistíochta dramhaíola agus soláthairtí oifige ar a raibh luach comhcheangailte €1,294,167 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach cuireadh síneadh leo agus socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí nua i bhfeidhm anois le haghaidh na míreanna seo.
- Dámhadh trí chonradh le haghaidh éidí, seirbhísí glantacháin agus seirbhísí láimhseála glaonna a sholáthar ar a raibh luach comhcheangailte €1,577,616 faoi phróiseas iomaíoch roimhe seo ach cuireadh síneadh leo agus socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm. Críochnaíodh comórtas soláthair do sheirbhísí láimhseála glaonna agus tá an conradh le tabhairt chun críche i rith Lúnasa 2021. Tá socrú sonraíochta agus dréachtú doiciméad tairisceana i leith na gconarthaí éidí agus seirbhísí glantacháin á bhforbairt faoi láthair d'fhonn dul ar an margadh le linn ráithe 3 de 2021.
- Measadh nach raibh conradh amháin le haghaidh seirbhísí luathscríbhneoireachta ar a raibh luach €118,983 neamhchomhlíontach agus cuirfear conradh eile ina áit, agus Creat-Chomhaontú OSR á úsáid i ráithe 3 de 2021.
- Measadh go raibh dhá chonradh eile le haghaidh seirbhísí gutha agus sonraí soghluaiste agus spás stórála ar cíos ar a raibh luach comhcheangailte €115,078 neamhchomhlíontach agus tá athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair, rud ar chóir go mbeadh sé críochnaithe i ráithe 3 de 2021.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha uile atá ar fáil chomh luath agus atá praiticiúil agus caidreamh a bhunú leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla againn. Fanfaidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíonadh na straitéise sin a chinntiú.

Tá sonraí maidir le conarthaí neamhiomaíocha curtha ar fáil ag an Oifig sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Mar a cheanglaítear le ciorclán 40/2002 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá tuairisc tíolactha agam maidir le soláthar dar luach €5,993,496 in 2020 nár seoladh próiseas tairisceana iomaíoch ina leith. Ina theannta sin, coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim liosta de chonarthaí fadtéarmacha a raibh luach iomlán €12.8m orthu in 2020. Tá 39 gconradh ar an liosta le haghaidh tacaíocht agus cothabháil bhliantúil ar chórais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim dar luach €10,390,573; cúig chonradh atá mar bhonn faoi bhonneagar teileachumarsáide na gCoimisinéirí Ioncaim dar luach €2,285,995; agus trí chonradh bhreise dar luach €143,986.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus a mhéid is féidir, chun na rioscaí a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun lena sainaithnítear na príomhrioscaí roimh an Oifig seo agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus a dtionchair. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus comhtháthaítear na gníomhartha sin isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus cuireann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) ar an taifead é. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na bainisteoirí rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó rangú riosca. Tuairiscíonn an Coiste go bliantúil do Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim ar a fhormhaoirseacht ar rioscaí.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht air as bainistiú agus riar foriomlán cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é an príomhról atá aige comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus pholasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus an chaoi a gcuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus do CCB, i gcás gurb iomchuí. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais is ea obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Paindéim Covid-19***

Chruthaigh paindéim Covid-19 dúshláin shuntasacha do shaoránaigh, do ghnóthaí agus do na Coimisinéirí Ioncaim. D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim a mbonneagar ardteicneolaíochta, go háirithe a gcóras ÍMAT a nuachóiríodh le déanaí, agus a n-inniúlachtaí láidre oibríochta agus bainistíochta tionscadal chun an tsraith scéimeanna fóirdheontais a thug an Rialtas isteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le gnóthaí atá comhlíontach ó thaobh na cánach de agus a gcuid fostaithe le linn na tréimhse deacra seo. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim Scéim Aisíocaíochta COVID-19 d’Fhostóirí, an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP), an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) agus Scéim Tacaíochta Sriantaí Covid-19 (STSC) i bhfeidhm go tapa ar bhealach géarchúiseach lena chinntiú go bhfaigheadh fostóirí, fostaithe agus gnóthaí íocaíochtaí tacaíochta criticiúla go pras.

Is éard a bhí i gceist leis na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a riar ná bainistíocht a dhéanamh ar na suimeanna suntasacha le haghaidh Scéim Aisíocaíochta COVID-19 d’Fhostóirí (dúnta anois), SFSP agus SFPF arbh fhiú €4.1 billiún iad san iomlán in 2020. Tá an t-iarmhéid atá dlite don Roinn Coimirce Sóisialaí ag deireadh na bliana ar fáil i Nóta 2.5 den chuntas. Maoinítear STSC trí cháin ioncaim nó cáin chorparáide agus íoctar é mar réamhchreidmheas cánach.

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag soláthar raon beart chun tacú le gnóthaí atá ag fulaingt le fadhbanna sreabhadh airgid nó deacrachtaí trádála, lena n-áirítear stórasú fiachais, ús ar íocaíochtaí déanacha a chur ar fionraí, agus gach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin agus bailiúcháin a chur ar fionraí.

I mí an Mheithimh 2021, d'fhógair an Rialtas síneadh le SFSP go deireadh 2021 agus leanúint de STSC do na gnóthaí sin a bhfuil srianta sláinte poiblí fós orthu, agus íocaíochtaí 'atosaithe' feabhsaithe á dtairiscint de réir mar a athosclaíonn gnóthaí. Agus an geilleagar ag athoscailt, tabharfar isteach Scéim Tacaíochta nua um Atosú Gnó (STAG) arna riar ag na Coimisinéirí Ioncaim, agus í dírithe ar ghnóthaí a raibh láimhdeachas laghdaithe acu mar thoradh ar shrianta sláinte poiblí. Fógraíodh síneadh leis an scéim stórasú fiachais freisin.

Tionchar suntasach a bhí ag paindéim Covid-19 ná an t-aistriú chuig cianobair agus obair fhíorúil do thart ar 4,500 duine de 7,000 ball foirne na gCoimisinéirí Ioncaim. Thug rannán TFC na gCoimisinéirí Ioncaim freagra an-éifeachtach ar an dúshlán maidir le cur ar chumas na foirne seo oibriú go héifeachtach in áiteanna cianda. Le tiomantas agus rannphháirtíocht fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim, d'éirigh leis na Coimisinéirí Ioncaim leanúint dár gcroíchláir ghnó a sholáthar chomh maith le ról breise a ghlacadh i riar na scéimeanna tacaíochta.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2020 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

2 Meán Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa*.  Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa* ar mo fhreagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu d'eisceacht.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Méan Fómhair 2021

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna agus bainistiú teorann | | | | |
| | *Bunaidh* | 470,462 | | | |
| | *Forlíontach* | 719 | | | |
| | | | 471,181 | 467,231 | 449,066 |
| **Ollchaiteachas** | | | **471,181** | **467,231** | **449,066** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 66,487 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,100) | | | |
| | | | **59,387** | **60,278** | **70,541** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 403,975 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,819 | | | |
| | | | **411,794** | **406,953** | **378,525** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,840,658** | **4,159,413** |

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 329,118 | 319,115 |
| Neamhphá | | 138,113 | 129,951 |
| **Ollchaiteachas** | | **467,231** | **449,066** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **60,278** | **70,541** |
| **Glanchaiteachas** | | **406,953** | **378,525** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (27,736) | | |
| Dímheas | 21,989 | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | 11 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (1) | (5,737) | (6,188) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (3,603) | | |
| Méadú ar stoc | (1,067) | (4,670) | 3,613 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **396,546** | **375,950** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 137,719 | 127,516 |
| Cíosanna barúlacha (nach airgead tirim) | | 12,043 | 11,819 |
| **Glanchostas an chláir** | | **546,308** | **515,285** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 9 a iompraíodh in áit eile, ghlan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 119,549 | 112,003 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 21,050 | 19,038 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 688 | 657 |
| | | 141,287 | 131,698 |
| Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | | |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan mhuirear [a] | | (3,568) | (4,182) |
| | | **137,719** | **127,516** |

Nóta [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan muirear do Vótaí eile atá léirithe anseo (€3.568 milliún), cuireadh seirbhísí a raibh luach thart ar €1.285 milliún orthu ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Cé gur costais iarbhír iad tromlach na gcostas seirbhísí gaolmhara, cuireadh neaschostais i bhfeidhm i gcás nach bhfuil na costais iarbhír ar fáil.

Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim i leith na scéimeanna arna maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a riar (Scéim Aisíocaíochta Covid-19 d’Fhostóirí, an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta) san áireamh in oibriú na scéimeanna mar gheall go raibh oibriú na scéimeanna seo comhtháite go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 97,535 | 90,238 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 32,324 | 9,656 |
| Stoic | 2.3 | 2,181 | 1,114 |
| Réamhíocaíochtaí | | 12,734 | 9,677 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,404 | 1,821 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 3,555 | 4,346 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **52,198** | **26,614** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speanais fhabhraithe | | 5,686 | 5,802 |
| Ioncam iarchurtha | | 801 | 88 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 34,061 | 11,897 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 1,818 | 2,105 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **42,366** | **19,892** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 9,832 | 6,722 |
| **Glansócmhainní** | | **107,367** | **96,960** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **107,367** | **96,960** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige/TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 18,408 | 446,657 | 69,950 | 7,007 | 542,022 |
| Breiseanna | 2,629 | 5,628 | 10,801 | 10,238 | 29,296 |
| Sócmhainní atá á bhforbairt agus a tugadh isteach in úsáid | — | 14,452 | — | (14,452) | — |
| Diúscairtí | (187) | (13,951) | (1,103) | — | (15,241) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 20,850 | 452,786 | 79,648 | 2,793 | 556,077 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 14,565 | 380,520 | 56,699 | — | 451,784 |
| Dímheas don bhliain | 1,924 | 16,961 | 3,104 | — | 21,989 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (178) | (13,950) | (1,103) | — | (15,231) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 16,311 | 383,531 | 58,700 | — | 458,542 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **4,539** | **69,255** | **20,948** | **2,793** | **97,535** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 3,843 | 66,137 | 13,251 | 7,007 | 90,238 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 11,768 | 9,600 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 65 | 56 |
| Iarmhéid chuntas bainc SFSP | 20,372 | — |
| Iarmhéid chuntas bainc SFPF | 119 | — |
| | **32,324** | **9,656** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stórtha beaga | 648 | 644 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 1,530 | 466 |
| Ábhar inchaite TF | 3 | 4 |
| | **2,181** | **1,114** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain i leith foirgnimh chomhroinnte | 261 | 253 |
| Óinchistí taistil | — | 6 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe taistil | 4 | 26 |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, etc. | 1,275 | 2,616 |
| Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 510 | 195 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 2 | 202 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 126 | 963 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1,377 | 85 |
| | **3,555** | **4,346** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,756 | 3,490 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 764 | 729 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,508 | 2,304 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,431 | 843 |
| Cáin bhreisluacha | 835 | 974 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 847 | 781 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 42 | 43 |
| Fáltais bhreise an Státchiste | 415 | — |
| | **10,598** | **9,164** |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 2,524 | 2,469 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré | 224 | 125 |
| Dlite do RCS i leith | | |
| • SFSP | 19,522 | — |
| • SFPF | 914 | — |
| Dlite don Chuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| • SFSP | 55 | — |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 224 | 139 |
| | **34,061** | **11,897** |

**Nóta:** D'oscail na Coimisinéirí Ioncaim roinnt cuntas fionraí i rith na bliana chun íocaíochtaí a éascú faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus faoin Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF), arna maoiniú ag Vóta na Roinne Coimirce Sóisialaí. In 2020, is iad seo a leanas na híocaíochtaí (glan ar aisíocaíochtaí agus éilimh neamhíoctha) a riaradh faoi gach ceann de na scéimeanna;

- SFSP €2.707 billiúin
- SFSP €1.371 billiúin

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 4,841 | 4,159 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,023) | (2,054) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **1,818** | **2,105** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 32,324 | 9,656 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 3,555 | 4,346 |
| | **35,879** | **14,002** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,598) | (9,164) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (23,463) | (2,733) |
| | **(34,061)** | **(11,897)** |
| | **1,818** | **2,105** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 96,960 | 94,376 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 411,794 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,841) | | |
| Glanvóta | | | 406,953 | 378,525 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 137,719 | 127,516 |
| Caiteachas nach airgead tirim – measchíos | 1 | | 12,043 | 11,819 |
| Míreanna eile nach airgead tirim – feithiclí urghafa | | | — | 9 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (546,308) | (515,285) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **107,367** | **96,960** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | **20,772** | **22,045** |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha mheasta €5.183 milliún ar na Coimisinéirí Ioncaim (2019: €3.457 milliún) i leith costais dlí agus chúitimh.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas clár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 339,862 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,000) | | | |
| | | | | 331,862 | 329,118 | 319,115 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,100) | | | |
| | | | | 2,000 | 1,788 | 6,041 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais laethúla eile | | | 25,900 | 26,286 | 24,976 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,200) | | | |
| | | | | 9,400 | 8,178 | 9,735 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | 63,000 | 66,157 | 60,120 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,890 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,469 | | | |
| | | | | 20,359 | 16,049 | 11,133 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 60 | 55 | 61 |
| viii | Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,950 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,350 | | | |
| | | | | 5,300 | 6,332 | 3,688 |
| ix | Muirir dhlí | | | 12,300 | 12,110 | 12,962 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 800 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 1,000 | 1,158 | 1,235 |
| | | | | **471,181** | **467,231** | **449,066** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €6.1 milliún; toradh €1.788 milliún*

Tá an laghdú €4.312 milliún ar chaiteachas ar thaisteal agus ar chothú mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar thaisteal gnó.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €7.89 milliún; toradh: €16.049 milliún*

Eascraíonn breis agus €8.159 milliún i gcaiteachas ar chostais áitribh oifige as costais bhonneagair a bhaineann leis an mBreatimeacht ag Port Bhaile Átha Cliath agus Port Ros Láir. Maoiníodh an chuid is mó den mheastachán forlíontach maidir leis an mbarrachas áitribh oifige le coigilteas ar thuarastail a ghin paindéim Covid-19.

**viii Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh**

*Soláthar meastacháin €3.95 milliún; toradh: €6.332 milliún*

Bhí an caiteachas €2.382 milliún níos airde i gcoibhneas leis an meastachán mar gheall ar shonrascadh moillithe i leith cothabháil a rinneadh ar scanóirí coimeádán soghluaiste na gCoimisinéirí Ioncaim, agus mar gheall ar chostais bhreise ar threalamh cosanta pearsanta Covid-19 (PPE). Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

**x Cúiteamh agus caillteanais**

*Soláthar meastacháin €800,000; toradh €1.158 milliún*

Tá an méadú €358,000 ar chaiteachas ar chúiteamh agus caillteanais mar thoradh ar chostais mhóra a dámhadh in aghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim. Bíonn sé deacair dámhachtainí costais dlí a mheas go cruinn mar gheall ar na tréimhsí feithimh fada agus an idirbheartaíocht costas. Bhí gá ann le vírmint chun an barrachas a chlúdach.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Phá-Choibhneasa | | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2 | Fíneálacha, forghéilltí nó costais dlí a aisghabhadh | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,700 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,218) | | | |
| | | | 1,482 | 1,406 | 2,811 |
| 3 | Uimhreacha caomhnaithe | | | | |
| | *Bunaidh* | 150 | | | |
| | *Forlíontach* | (10) | | | |
| | | | 140 | 186 | 193 |
| 4 | Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil | | 400 | — | 405 |
| 5 | Sciar an chostas bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe) | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,900 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,942) | | | |
| | | | 10,958 | 11,434 | 18,033 |
| 6 | Míreanna Ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,787 | | | |
| | *Forlíontach* | (587) | | | |
| | | | 1,200 | 1,872 | 2,836 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse | | | | |
| | *Bunaidh* | 8,113 | | | |
| | *Forlíontach* | (343) | | | |
| | | | 7,770 | 7,943 | 8,826 |
| | | | **59,387** | **60,278** | **70,541** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.209 milliún níos lú ná an meastachán bunaidh. Tá an míniú ar na difríochtaí leagtha amach thíos.

**2 Fíneálacha, forghéilltí nó costais dlí a aisghabhadh**

*Measta €2.7 milliún; réadaithe €1.406 milliún*

Eascraíonn an t-easnamh €1.294 milliún mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19 ar chur i bhfeidhm agus bailiú fíneálacha agus forghéilltí ó Mhárta 2020.

**4 Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil**

*Measta €400,000; réadaithe €nialas*

Tagann an difríocht chun cinn mar gheall ar uainiú na híocaíochta. Fuarthas €407,147 i mí Feabhra 2021 maidir le muirear bailithe i leith Thobhach Comhshaoil 2020, a ndearna taifead air i gcuntais 2021.

**5 Sciar an chostas bailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)**

*Measta €15.9 milliún; réadaithe €11.434 milliún*

Leis an imréiteach láraithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair), féadann oibreoirí eacnamaíocha earraí a dhearbhú i mballstát AE amháin fad is atá na hearraí á n-iompórtáil nó á n-easpórtáil go fisiciúil i mballstát éagsúil. Tá an t-easnamh €4.466 milliún mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta Covid-19, i mBallstáit eile AE, ar ghníomhaíochtaí trádála cuideachtaí miondíola príobháideacha agus líon na n-iompórtálacha agus cionroinnt na gcostas bailithe custaim (ÚSNIS) á laghdú i leith iompórtálacha den chineál sin.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | 441 |
| Fáltais ó airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 | 1,258 | 801 |
| Fáltais ó sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta frith-ghóchumtha/frith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 811 | 787 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (1,654) | (2,029) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **415** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **6,680** | **6,708** |

## 5.2 Pá

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 299,610 | 290,881 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 6,563 | 5,971 |
| Ragobair | 1,174 | 2,446 |
| ÁSPC an Fhostóra | 21,771 | 19,817 |
| **Pá iomlán** | **329,118** | **319,115** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 128 | 18 | 19,808 | 19,568 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,398 | 78 | 16,015 | 18,440 |
| Liúntais le haghaidh sealoibre agus obair uainchláir | 577 | 111 | 26,115 | 26,601 |
| Míreanna ilghnéitheacha | 164 | 4 | 18,856 | 43,330 |
| Luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin | 263 | 94 | 26,084 | 29,307 |

## 5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €102,000 san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 1,927 ndámhachtain ar leithligh, ó €25 go €250.

## 5.5 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €5,000 san iomlán le fostaí amháin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2020 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir treoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2019: €126,621 i leith seisear fostaithe).

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €53,000 san iomlán in 2020 le 29 státseirbhíseach ar scor i ndáil le táillí bord agallaimh, idirghabhálacha oiliúna agus costais finnéithe (2019: íocadh €82,157 le 33 státseirbhíseach ar scor agus ball seachtrach amháin). Rinneadh na híocaíochtaí sin de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas €411,000 i leith 13 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2019: €522,000 i ndáil le 19 n-oifigeach). Tugadh 139 mball foirne de chuid na gCoimisinéirí ioncaim ar iasacht faoin Scéim Sannta Sealadaigh do ranna agus oifigí Rialtais eile ar feadh tréimhsí éagsúla. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim costáil ar an gcleachtadh seo.

Ní fholaíonn an cuntas seo caiteachas i leith 26 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh na bliana 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus ar íoc na ranna/oifigí eile sin a dtuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí | 928 | 1,884 | 1,914 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 526 | 839 | 760 |

Aistríodh 27 bplean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €19,500 i ndáil le 23 dhuine aonair chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

# Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

## 6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as feidhm | 1 | 70 |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 5 | — |
| | **6** | **70** |

## 6.2 Muirir dhlí (fo-mhírcheann A (ix))

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh le linn na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí seachtracha | 3,400 | 5,149 |
| Táillí abhcóide | 4,892 | 3,543 |
| | | |
| Táillí agus costais eile: | | |
| Costais féimheachta/leachtaithe | 3,098 | 3,007 |
| Táillí cúirte | 13 | 151 |
| Costais agus dámhachtainí ilghnéitheacha | 707 | 1,112 |
| | **12,110** | **12,962** |

## 6.3 Costais chúitimh agus dlí (fo-mhírcheann A(x))

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na hoifige** | | | | | | |
| Caingean dlí, lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 12 | 4 | 9 | 56 | 69 | 122 |
| Costais ilghnéitheacha a d'eascair as teagmhais a bhain leis an obair | 4 | — | — | 4 | 4 | 9 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | 27 | 40 | 1,039 | 6 | 1,085 | 1,104 |
| | | **44** | **1,048** | **66** | **1,158** | **1,235** |

## 6.4 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.44m nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Fuarthas an chéad tráthchuid €720,000 in 2020 agus tá sé san áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i leithreasaí-i-gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le OLAF, tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.735 milliún nó 80% den chostas incháilithe chun an dara veain cúlscaiptheora shoghluaiste scanóra x-ghathaithe a cheannach, rud a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh. Ordaíodh an scanóir in 2019 agus fuarthas an chéad tráthchuid €867,000 in 2019 agus tuairiscíodh í i gcuntas leithreasa 2019. Seachadadh an scanóir i Meán Fómhair 2020. Bhí an scanóir in úsáid ag deireadh na bliana agus cuireadh san áireamh é i nóta 2.1 den chuntas seo. Éileoidh na Coimisinéirí Ioncaim an dara tráthchuid deontais €405,000 i ráithe 3 de 2021.

## Aguisín A Cuntais atá faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá cuntais eile atá faoi choimirce na hOifige agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair liostaithe sa tábla seo a leanas. Léirítear ann, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh iad faoi bhráid an Oireachtais.

| Ainm an Chuntais | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|
| Cuntas ar Ioncam a Fuair an Stát arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim | 2019 | 17 Aib 2020 | 27 Aib 2020 |